Litir Ṡasana

Dónal Mac Aṁlaiġ

An Scoil Éigse

Feicim ó AR AĠAIḊ na míosa seo a ṫáinig trid an bpost inné ċugam gur tionóladh Ollċruinniú na Scol Éigse i nGairm - Scoil Ṁic Dara i gCárna le goirid. Ḃí díospóireaċt breá spreagúil ann hébrí é, faoi'n dteideal "Gur mó an doċar ná an maiṫeas" (nár ḋeise 'soċar'?) "a ḋéanann an Telefís don Tír".

Is fíor ár ndó — faoi mar a dúirt Éamonn Ó Confaola (Cárna) go ḃfuil T.É. ag brú Béarla ar an nGaeltaċt in aġaiḋ an lae. Aċ nárḃ aṁla don Radio le tuille agus deiċ mbliain fiċead anuas? Ní rud é a ḃfuil aon dul uaiḋ, ndar liom féin; tá an teilí ann agus beiḋ, dá mbeaḋ an saol agus seaċt saol ag caint. Aċ mar aduirt fear as Cill Rónáin ní telefís Gaelaċ ná tada mar é tá againne agus an uair naċ eaḋ ní féidir naċ dtiocfaḋ aiṁleas na Gaeilge agus na Gaeltaċta as an-ró-ṡuim seo tá ag muintir an lae inniu ann far teilí. Ní ar an telefís féin is ceart an milleán a leagain faoi sin, ár ndó aċ ar na meataċáin claḋarta a bíos ag reaċtáil na gclár. Tá leiġeas an scéil, cuid mór, ina láṁa siúd dá dtogróidís beart a ḋéanaṁ ar ṁaiṫ le tír agus teanga, aċ seanscéal anois é go b'iad sin an dá ċloċ is lú ar a bpaidrín. Cé's móite ḋe sin uilig, d'eile, téiġeann glan ḋíom féin a ṫuisgint cé'n ḃlas a ḟágann duine ar biṫ ar an gcineál leibideaċta a ḃíos le feiceáil oíċe indiaiḋ oíċe as T.É. Go deiṁin níl ḟios agam naċ éagóir ar Hollywood é cur i gcomórtas leis an ndráṁáil ċéanna. Is cuiṁneaċ liom féin scoṫ na bpictiúr a ṫeaċt as Hollywood, agus —rud eile ar ḋíol ṡuantais é dar liom—scifleóigíní caṫraċ istiġ in áit a' toistiúin 'sna pictiúirí a ḃeiṫ ag feadáil as corp mí-ṡásaṁ ar scannáin a ḃí cuid ṁaiṫ níos foirfe ná go leor dá spáintear ar "Bug-Eye" (m'anam féin ar an dtelefís) anois. Arae gan dabt ar biṫ tá claonaḋ láidir ag an telefís ciall na ndaoine a ṫruailliú coṁ fada is a ḃaineann le ceol. scannáin agus eile. Deirtear go dtruaillíonn sé daoine ó ṫaoiḃ an ṁóráltaċta ḋe freisin aċ ní ḃeinn coṁ reafá ḋe sin: ċonaic an ġlúin ar ḋíoḃ mise lán a ndóṫain pictiúirí "ṁurdair", uafáis agus a leiṫéid aċ níl go ḃfios dom aon ḟianaise ann go ndeaċadar i gcion go díoḃálaċ orrainn. Tá baint ag cúiseanna eile ar fad leis an scéal úd silim; fiċe ḃliain agus tuille ó ṡoin nuair ba ceaṫair fíor-ḃoċt i mBaile Áṫa Cliaṫ, nuair naċ raiḃ snáṫ slán éadaiġ ar an-ċuid den ṗobal ná bróg ṁaiṫ ar a gcos, ní raiḃ leaṫ ná an triú ċuid den ṁísc ar siúl agus mar tá anois. Is furasta go deo ḃeiṫ ag cur milleán ar an dtelefís faoi 'ċuile níḋ dá ṫárlaíonn as bealaċ aċ ní folái an scéal a ċíoraḋ níba ṁionna ná sin, sílim. Ní h-é go deiṁin go ḃfuil bá ar biṫ agam féin leis mar ġléas ċaiṫiṁ aimsire, mar níl, ainneoin gur féidir corr-rud a ḟólaim aistí; b'ḟearr liom cluais éisteaċta a ṫúirt do ḋráma radio oíċe ar biṫ ná súil a ḋíriú ar ḋráma ṫelefíse. Ar ċaoi eicínt ní feictear dom gur aon ċaḃair don ḋráma é ḃeiṫ á léiriú ar scáileán seaċt n-órlaċ déag (nó faoi, b'ḟéidir); má ḃíonn an t-agallaṁ agus an cóṁrá go maiṫ agus má sásaiṫear an ċluais naċ ṡin é do ḋóṫain?

Stailc na bPáipéar

Is mór is fiú do luċt léite na Gaeilge ar ċaoi ar biṫ naċ ṫuas i mBaile Áṫa Cliaṫ a clóḃuailtear na páipéirí agus na h-irisí Ġaeilge nó ḃeaḋ muid fannta ar an trá follaṁ amaċ is amaċ. Airím féin uaim páipéar laeṫiúil Béarla na hÉireann agus an giota beag Ġaeilge a ḃíoḋ le léiġeaṁ air 'ċaon triú lá nó mar sin. Is ait go deo mar a téiġeann an duine i dtaiṫí ar ṗáipéar a léaṁ—'ndeaṁan aiṫne ar ċuid de na daoine naċ biaḋ ċoirp i dteannta biaḋ intinne a ḃíos le fáil as na páipéirí céanna aca. Naċ ḃfeicfinn féin cuairteoirí ṫiar i gConamara agus iad mar a ḃeaḋ pian ina dtóin aca ar maidin nó go ḃfaiġfidís freim ar an bpáipéar nuaíoċta? I leaba scaoileaḋ leis an saol glóraċ cállánaċ a d'ḟágadar agus taitneaṁ a ṫúirt do úire síoċċánta Ċonamara isé ċaoi a leanann orra siad á gcrá féin le dreancaidí beaga badráilte an tsaoil caṫraċ.

An Aimsir

Toirneaċ, tintreaċ, báisteaċ lua sa ló agus mall san oíċe — cé ḃfaca a macasúil de Ṡaṁraḋ le cuiṁne na ndaoine. Agus pé acu a ḃfuil nó naċ ḃfuil baint ag na teisteanna aḋṁaċa seo leis an scéal tá an ċuid is fearr den ḃliain curṫa ó ṁaiṫ orrainn. Is ag tnú leis an ngeiṁreaḋ tá mé féin anois, caiṫim mo hata leis mar ṡaṁraḋ. Arae tá an mí-áḋ uiliġ orrainn nó beiḋ laeṫe tiorma ann faoi Ṡaṁain is faoi Nollaig in éiric na doininne fada seo?

Dónall Mac Aṁlaiġ.

An Teanga San Eaglais

"Grá mo ċroí an Óige,
'Sí is cóir 'ḃeiṫ ann."

Is aoiḃinn, lán-dóċasaċ an tuairisc atá ar AMÁRAĊ den 16ú de Iúl, .i. go ḃfuil suas le 2,800 de scoláirí óga ón Ḃreac-Ġalltaċt, gaċ áird de, astoiġ i lár na Fíor-Ġaeltaċta i láṫair na h-uaire—i dTír Ċonaill féin aṁáin. Agus dá mbeaḋ cunntas ar freastal iomlán na gColáistí Saṁraiḋ go léir againn is dóiċe nár luġa uiṁir ná deiċ míle. Agus má ḃíonn an oiread céana sin ann fá'n dara seisiún i mí Luġnasa — sin fiċe míle. Cá méad duine, mar sin de, a d'ḟoġluim 's a ċleaċt labairt na Gaeilge le fonn 's le gáirdeas ċroí le fiċe blian anuas?

Ar ṗilleaḋ a ḃaile don aos óg tá na múinteoirí scoile réiḋ rompa le aṫ-gaḃail don obair, 's tá mé cinnte go gcuirtear gliondar orṫa siúd.

Aċ féaċ! (agus is ċuige seo mé). An ċéad ṁaidin dófa, eadar páistí 's oidí, ag freastal ar Aifreann Dé i dTeaċ an Ṗobail buailtear buille marfa ar a saol aoiḃnis 's bróid. Caiṫfid siad a gcuid Gaeilge 'ḟágáil ag an doras amuiġ! Tá orṫa an t-Agallaṁ sa ġibris Ġallda a ḟlórú amaċ ar neart na scaṁóg go glé árd, agus focal ná siollaḃ den teangaí ṁín dúċais ní ċluineann. Níl sin ceadaiṫe. Ní raḃ Béarla ceadaiṫe san áit ar fág siad taréis mí ċaiṫeaṁ ann. Níl Ġaeilg ceadaiṫe i dTiġ Dé sa mbaile—mar a gcaiṫfiḋ siad freastal ar feaḋ an ċuid eile den dá mí-déag!

As an ċeanntar mór seo Ḋúin Dealgan téiḋeann tuairim's trí ċéad páistí ċun na Gaeltaċta gaċ bliain. I n-Árd - Teampall an Ṗaróiste ag Aifreann speisialta don aos óg, níor cualtas focal Gaeilge le 26 bliain! (sé 's fiċe blian!)

Labraḋ go minic leis an Adm. (triúr acu indiaiḋ a ċéile le linn na ré sin) aċ sásaṁ ar biṫ ċan ḟuair aon toscaireaċt d'á dteaċṫaiḋ ann, aċ freagra ċó borb 's gur ionann é 's cic sa tóin, nó an madaḋ a ḋreasú ionta!

Cúpla bliain ó ṡoin ċuir mé féin duilleogán i gcló (ceann aca anseo ċugat) 's ṡeoil ċuig gaċ sagart, bráṫair, beanrialta 's gaċ múinteoir ar an ḃaile — agus ċuig an Árd-Easpag féin— aċ sin a raḃ de. Tá na múinteoirí lán mí-ṡásta leis an éagcóir, aċ ós é an Adm. an bainisteoir ar na scoileanna is leisc leo tagairt dó aċ faoi ċuim cogair. Agus is dóċa gur mar sin atá san ċuid is mó de na paróistí ar fud na hÉireann as a dtéiġeann na scaifṫí ċuig Coláistí na Gaeltaċta.

'Sé an molaḋ a ḋéanfainn féin —Sul ma ṫiġ deireaḋ na gcúrsaí i mbliana, imlitir a ċur ċuig gaċ sagart paróiste, agus ċuig an easbog, 's méad na scoláirí, san iomlán (2,800 i dTír Ċonaill, cuir i gcás atá i ndan úsáid a ḋéanú den teangaí ḋúṫċais i gcúrsaí spioradáltaí — ag iarraí orṫa féaċaint ċuige go mbeiḋ cóir 's ceart orṫa seo nuair ṗillfeas siad, 's naċ dtaċtfar le compulsory English iad. (Agus ná bíoḋ an t-iarrtas seo 'n-a déilin-na-mbacaċ).

Ċoṁ maiṫ le uiṁir na scoláirí in gaċ coláiste ar leiṫ, fáiġ amaċ ca méad, no tuairim's méid iomlán, fán tír uiliġ—15,000 nó fiċe míle—agus cuir sin os a gcóir siúd.

Agus scaip an t-eolas sin go fóirleaṫan ṫríd na nuaċtáin.

PEADAR Ó DUḂDA,
Dún Dealgan.

Ruaiḋrí Mac Easmuinn

Tá corp Ṁic Easmuinn tugṫa go hÉirinn,
Dá scór is naoi mbliana a ḃíṫeaḋ 'á éileaṁ,
Ó croċaḋ an laoċ seo ins an éagóir
Le fianaise cam is mionnaí bréagaċ.
Is iomḋa oíċe 'gus is iomḋa lá
Ḃí sé curṫa ar an gcúlṡráid i measc driodar Gall,
I roiliġ ṗríosúin gan leaċt ná bláṫ,
Gan paidir ná cré ar a ṡon dá rá.

Ní raiḃ ar a ċéad ṡocraid ṫall ansiúd
Aċ ceannaire an ṗríosúin is beirt nó triúr
A ṫarraing ina ndiaiḋ é go dtí an uaiġ
Is ḃí sé curṫa gan cónra air sul a raiḃ sé fuar.
Ní fearrde Sasana an gníoṁ gránna a déanaḋ,
Tá a cuid sciaṫáin bearrṫa 's a cuid tailte roinnte,
Mar ní ċlaíonn láṁ láidir spiorad na saoirse,
Aċ filleann feall ar luċt a déanta.

Cé ċreidfeaḋ an t-am sin go dtárlóḋ ċoíċe
Go n-admóḋ an náṁaid go raiḃ an éagóir déanta
Is go gceadófaí é 'ṫógáil de ṡiúl oíċe
As an roiliġ uaigneaċ úd istiġ san bpríosún?

Cuireaḋ go gníoṁúil é i bPríoṁ-Ċaṫair Éireann
Is a leiṫéid de ṡoċraid ní beiḋ arís go h-éag ann,
Ḃí na céadta mílte ann idir ṫuataí is cléireaċ,
Ḃí mór ṡiúl airm ann i dteannta an méid sin.

Nuair naċ mbeiḋ tráṫ ar Churchill ná ar Lloyd George
Ná ar aon ḃoc mór de ṡlioċt na nGall,
Beiḋ daoine a' teaċt i ḃfad is i ngearr
A' cur bláṫfleasc ar uaiġ Casement.

Tomás Mac Eoin.

Óráid Rúnaí Parlaiminte Aire na Gaeltaċta ag Oscailt Feis Sláine

Is aoiḃinn liom go ḃfuair mé cuireaḋ ċun labairt ag Feis Sláine inniu óir tugann sé deis dom an meas mór atá agam. ní haṁáin ar luċt riarṫa na Feise seo, aċ ar luċt riarṫa na ḃFeiseanna uile ar fud na tíre, a noċtaḋ. Is minic a ṡílim naċ dtugtar dóṫain aird ar díograis na ndaoine sin ná ar ṫábaċt an tsaoṫair atá ar siúl acu. Faoi mar is eol daoiḃ uile is traidisiún an-seanda é traidisiún na Feise i stair ár dtíre. Cóngaraċ dúinn anseo ḃí an Ḟeis is mó agus is táḃaċtaí orṫu uiliġ ag Teaṁair na Rí, mar a raiḃ cónaí ar Árd-Rí na hÉireann, agus is beag ceantar is stairiúla ná an láṫair ina ḃfuil an Ḟeis againn inniu, faoi Ċnoc Ṡláine, áit ar las Naoṁ Ṗádraig tine na Cásca don ċéad uair riaṁ in Éirinn.

Nuair a rinneaḋ aṫḃeoċán ar ṫraidisiún na Feise, ag druidim le tús na haoise seo, ċuidiġ sé go mór ċun brí agus fuinneaṁ a ċur i ngluaiseaċt na saoirse ⁊ na teanga. Beimid go deo faoi ċomaoin ag na feiseadóirí dúṫraċtaċa a rinne oiread sin i dtús an ċéad seo d'ḟonn misneaċ an pobail a ṁúscailt aimsir an ġátair. Tá daoine ann a ṡíleann go ḃfuil ré na ḃfeiseanna ṫart agus naċ ḃfuil gá leo tuilleaḋ toisc go ḃfuil aṫrú meoin tagaiṫe ar an bpobal. A ṁalairt ar fad atá fíor. Is léir ón ḟreastal a ḋéantar ar na fleánna móra ceoil go ḃfuil dúil fós ag aos óg na tíre in ócáidí poiblí den ċineál seo. Tá táḃaċt ar leiṫ le hócáidí mar seo fosta sa méid gur féidir feiḋm a ḃaint astu ċun tacaíoċt an ṗobail a neartú i leiṫ na Gaeilge.

Tá ag éirí go maiṫ linn i dtaca le múineaḋ agus foġlaim na Gaeilge, agus tá molaḋ mór ag dul do ṁúinteoirí na hÉireann dá ḃárr sin, aċ caiṫfimid uiliġ a admáil anċ ḃfuil an Ġaeilge atá ar eolas ag go leor againn anois á labairt go forleaṫan mar ba ṁaiṫ linn í a ḃeiṫ. Constaicí i ngnáṫ-cúrsaí caidriṁ imeasc an ṗobail is mó is cúis leis sin agus caiṫfear tréan-iarraċt a ḋéanaṁ ċun na constaicí sin a ṡárú. Beaṫa teanga í a labairt agus ní mór do gaċ dream den ṗobal a gcion féin a ḋéanaṁ sula n-éireóiḋ linn aiḋm an Ṗiarsaiġ a ḃaint amaċ, "Éire, ní haṁáin saor aċ Gaelaċ coṁ maiṫ; ní haṁáin Gaelaċ aċ saor coṁ maiṫ."

Ó ṫárla ba ag líon an-mór daoine leis an Ġaeilge, tá sé ṫar a ḃeiṫ táḃaċtaċ go mbeaḋ dóiġ éigin ann ina ḃféadfaidís a ċéile a aiṫint go héasca. Ċuige sin is céim éaċtaċ ar aġaiḋ an Fáinne Nua. Dóiḃ siúd a ḃfuil an Ġaeilge go líofa acu tá an Fáinne Nua Óir ar fáil anois agus molaim go láidir dóiḃ é a ċaiṫeaṁ. Cuid ṁaiṫ de na daoine a ḃfuil dea-ṁéin acu i leiṫ na teanga níl muinín acu astu féin ċun í a labairt ó ṫárla naċ ḃfuil sí ar a dtoil acu. Beiḋ an Fáinne Nua Daite ina ċaḃair mór do ḋaoine den ċineál sin. Léiríonn an Fáinne Daite don pobal go ḃfuil an té atá á ċaiṫeaṁ báúil le aṫḃeoċan na teanga agus, d'ainneoin naċ ḃfuil aċ beagán Gaeilge aige, gur áḃar sásaiṁ dó feiḋm a ḃaint as an mbeagán sin ar feaḋ a ċumais. Is dearfá go dtaḃarfaiḋ an suaiṫeantas seo uċtaċ do líon mór daoine úsáid a ḃaint as an Ġaeilge agus go mbeiḋ an líon sin ag dul i méid de réir a ċéile. Duine ar biṫ a ḃfuil dea-ṁéin aige ċun na teanga féadfaiḋ sé an Fáinne Daite seo a ḟáil—níl aon scrúdú i gceist; iarraim go speisialta ar na daoine sin uile é a ċaiṫeaṁ.

Is rí-ṫáḃaċtaċ an cuidiú atá á ṫaḃairt ag an Stát leis an Ġaeilge a aṫḃeoċán aċ, dá feaḃas é beart an Stáit, is ar gaċ aon duine sa tír, agus go háiriṫe ar úsáid na Gaeilge sa teaġlaċ, atá sáḃáil na teanga ag braṫ. Is cinnte naċ mbeiḋ an teanga slán ar ḃealaċ a leasa go dtí go mbeiḋ feiḋm á ḃaint as an Ġaeilge go rialta i gcuid ṁaiṫ de teaġlaiġ na tíre. Go dtí go dtagann an lá sin ba ṁór an ċéim ar aġaiḋ é dá mbeaḋ roinnt beag Gaeilge á labairt sa ḃaile gaċ lá. Is cuidiú mór é, fosta, ċun raṫ a ċur ar Ġluaiseaċt na hAṫḃeoċána, an Ġaeilge a ċur in úsáid go forleiṫeadúil ar ócáidí sóisialta agus siamsaíoċta poiblí mar atá anseo agaiḃse inniu. Is iomaí duine, go fóill, naċ mbeaḋ ar a ṡuaiṁneas ag labairt na Gaeilge go rialta sa ḃaile aċ a ḃeaḋ in ann taitneaṁ agus sásaṁ a ḃaint as imeaċtaí sóisialta agus siamsaíoċta, de ċineál na Feise seo, a reaċtálfí trí Ġaeilge. Dá méid deiseanna a ḃeiḋ ag an bpobal an Ġaeilge a ċloisteáil á labairt go poiblí ar ócáidí mar seo is ea is fearr an t-eolas a ċuirfiḋ siad uirṫi mar ṫeanga ḃeo agus is ea is mó an fonn a ḃeiḋ orṫu í a úsáid ar ócáidí eile.

Tá an t-am buailte linn nuair a ċaiṫfear dlús a ċur le hiarraċtaí na n-eagras uile atá ag iarraiḋ freastal ar an bpobal trí Ḟeiseanna, Féilte, Drámaíoċta, léaċtaí, díospóireaċtaí ⁊ a leiṫéid a ċur ar siúl ar ṁaiṫe leis an Ġaeilge. De ḃárr cóṁráití a ḃí agam le cuid de na heagrais sin le tamall anuas táim sásta naċ miste ḃeiṫ ag braṫ orṫu. Ó mo ṫaoḃ féin de, tiġ liom a rá fosta go ḃfuil caḃair naċ raiḃ ar fáil dóiḃ ċeana á ṫaḃairt ag Roinn na Gaeltaċta do ċuid de na heagrais sin i mbliana. Is tuar dóċais dúinn uile an borraḋ dúṫraċta atá le haiṫint imeasc na n-eagras deonaċa Gaeilge i láṫair na huaire. Gura fada buan dóiḃ ċun go n-éireóiḋ linn go luaṫ an saiḃreas mór Gaeilge atá á ḃronnaḋ ag na scoileanna orainn a ċur ċun tairḃe i ngnáṫ-ṡaol sóisialta an ṗobail!

Cuairt ar Ġaeltaċt na Ṁuman

Ḃí Pádraig Uasal Ó Faoċna, Rúnaí Pairliminte Aire na Gaeltaċta ar ċuairt oifigiúil sna ceantair Ġaeltaċta i gCúige Ṁuman an tseaċtain seo.

Ḃí sé sa Rinn Dé Máirt ar Oileán Cléire, i mBéal Áṫa Ġaorṫaiḋ agus i gCḟil Aoḋa Dé Céadaoin agus in Uiḃ Ráṫaċ agus i gCorca Duiḃne Diardaoin.

I dteannta leis ḃí Liam Tóibín, Rúnaí, Roinn na Gaeltaċta, agus Breandán Ua Conaill, Stiúrṫóir na Roinne i gCúige Ṁuman.